
An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission




# An treoir neamhspleách ar an **reifreann maidir leis an diamhasla**




**Scríobhadh an treoir seo do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta ag dul dóibh.**

# Réamhrá

A Vótálaí, a chara,




Dé hAoine, 26 Deireadh Fómhair 2018 iarrfar ort vóta a chaitheamh ar **dhá** rud



Beidh deis agat vóta a chaitheamh i dtoghchán chun **uachtarán** a roghnú.




Beidh tú in ann vóta a chaitheamh i **reifreann** freisin.



Is faoin **reifreann** an fhaisnéis seo.



Is éard is reifreann vóta chun bunreacht na hÉireann a athrú.

Leagtar rialacha na tíre síos i mbunreacht na hÉireann.

**Fiafraítear sa reifreann seo:**

Ar mhaith leat an bunreacht a athrú ionas gur féidir na rialacha maidir le diamhasla in Éirinn a athrú?

Baineann **diamhasla** le bheith rómhaslach nó rótharcaisneach i ndáil le nithe a maíonn reiligiún gur nithe beannaithe iad. Goilleann sé, d'aon turas, ar dhaoine a bhíonn ag gabháil don chreideamh sin.

Tugann an Coimisiún Reifrinn eolas duit faoin mbrí a bheidh le do vóta.

Ní mholann an Coimisiún Reifrinn duit vóta Tá nó Níl a chaitheamh.



Féadfaidh tú Tá nó Níl a thiceáil ar do pháipéar ballóide.



Is fútsa atá sé cén chaoi a gcaithfidh tú vóta.



Tá sé tábhachtach go gcaithfeá vóta.



Is leatsa an bunreacht.




Féadfaidh tú cúnamh a thabhairt leis an gcinneadh an bunreacht a athrú nó a fhágáil mar atá.




Déan cinnte go gcloisfear do ghlór ach vóta a chaitheamh Dé hAoine, 26 Deireadh Fómhair 2018.




Comhairtear na vótaí go léir ag deireadh an lae.





**Athrófar** an bunreacht má vótálann formhór na ndaoine TÁ.




**Fanfaidh** an bunreacht **mar an gcéanna** má vótálann formhór na ndaoine NÍL.





**Isobel Kennedy**
An Cathaoirleach
An Coimisiún Reifrinn




Leagtar rialacha na tíre síos i mbunreacht na hÉireann.




Iarrann an reifreann seo ort vóta a chaitheamh faoi riail a athrú.



Baineann an riail seo lenar féidir le daoine a rá nó a fhoilsiú faoi chreideamh.



Áirítear le foilsiú rud éigin a scríobh i nuachtán, in iris nó ar an idirlíon.




Baineann **diamhasla** le bheith rómhaslach nó rótharcaisneach i ndáil le nithe a maíonn reiligiún gur nithe beannaithe iad.

Is coir é **diamhasla**.

Má chruthaítear go bhfuil duine ciontach as diamhasla, b’fhéidir go mbeadh air go leor airgid a íoc.

Fiafraítear sa reifreann díot ar mian leat an méid a deir Airteagal 40.6.1 sa bhunreacht a athrú.

# Diamhasla in Éirinn anois:



Deirtear sa bhunreacht gur coir é diamhasla.




In Éirinn, ní fhéadfaidh duine rud a rá ná a fhoilsiú atá rómhaslach i ndáil le reiligiún. Ní ceadmhach do dhaoine rud éigin a rá ná a fhoilsiú a ghoillfidh d'aon turas ar dhaoine a bhíonn ag gabháil don chreideamh sin.



Sáraítear an dlí leis sin. D'fhéadfaí fíneáil €25,000 a ghearradh ar an té a dhéanfadh é.



Níor gearradh pionós ar aon duine de bharr diamhasla le fada an lá. (Níos faide ná 150 bliain)

# An t-athrú **Beartaithe** ar Airteagal 40.6.1

Is éard atá sa togra an focal diamhasla a bhaint ón mBunreacht ionas nach coir a bheadh i **ndiamhasla** a thuilleadh.

## Cad a tharlóidh má vótálann formhór na ndaoine Tá?





Má vótálann formhór na ndaoine Tá sa reifreann seo, athrófar na rialacha sa bhunreacht a bhaineann le diamhasla.




Beidh polaiteoirí in ann an dlí a dhéanann coir de dhiamhasla a athrú.

## Cad a tharlóidh má vótálann formhór na ndaoine Níl?





Fanfaidh na rialacha mar atá siad má vótálann formhór na ndaoine Níl sa reifreann seo.



Ní athrófar an bunreacht.



Is coir a bheidh i ndiamhasla i gcónaí.



Fanfaidh roinnt rudaí mar atá siad, is cuma má vótálann daoine Tá nó Níl.





Beidh sé in aghaidh an dlí i gcónaí rudaí a spreagann daoine fuath a bheith acu do dhaoine eile a fhoilsiú.


# Conas vóta a chaitheamh




Beidh na stáisiúin vótaíochta ar oscailt
ó 7am go dtí 10pm



Caithfear vóta sa toghchán uachtaránachta ar an lá céanna a chaithfear vóta sa reifreann.




Tabharfar dhá pháipéar bhallóide duit le húsáid.




Is don toghchán uachtaránachta é an páipéar ballóide bán. Beidh ainmneacha na ndaoine ar mian leo a bheith mar Uachtarán na hÉireann air.



Is don Reifreann é an páipéar ballóide uaine.





Beidh boscaí marcáilte TÁ agus NÍL air



Féadfaidh tú do vóta a chaitheamh sa reifreann trí ‘X’ a chur sa bhosca ‘Tá’ nó sa bhosca ‘Níl’.



Ná cuir marc ach i mbosca amháin.




Ná scríobh aon áit eile ar an bpáipéar ballóide.

# Páipéar Ballóide Samplach

**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an Seachtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Cion a aisghairm arb éard é ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris), 2018

Thirty-seventh Amendment of the Constitution (Repeal of offence of publication or utterance of blasphemous matter) Bill 2018

SAMPLE

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**
Place a mark in **one square only**

**Má thoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo ............
If you **approve**, mark X in this square ................

| | |
|---|---|
| | **Tá**<br>**Yes** |

**Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo ...........
If you do **not approve**, mark X in this square.........

| | |
|---|---|
| | **Níl**<br>**No** |

An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission